Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5386/22**

**AGRI 19**
**DELACT 7**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 101 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 17.1.2022 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le táirgeadh agus le húsáid síológ neamhorgánach, síológa atá á dtiontú agus síológ orgánach agus ábhair atáirgthe plandaí eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 101 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 101 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.1.2022
C(2022) 101 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.1.2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le táirgeadh agus le húsáid síológ neamhorgánach, síológa atá á dtiontú agus síológ orgánach agus ábhair atáirgthe plandaí eile**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tar éis an Rialachán nua Orgánach (AE) 2018/848 agus an Rialachán Tarmligthe leasaitheach (AE) 2020/1794 ón gCoimisiún a ghlacadh a mhéid a bhaineann le hábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú agus ábhar neamhorgánach atáirgthe plandaí a úsáid, is gá tuilleadh leasuithe a thabhairt isteach i ndáil le hábhar atáirgthe plandaí a úsáid, idir ábhar atá á thiontú agus ábhar neamhorgánach. Is amhlaidh atá an cás go háirithe i ndáil le maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar úsáid síológ orgánach, síológa ar cineál ábhair atáirgthe plandaí ar leith iad agus arb as síolta a thagann siad agus nach gcumhdaítear iad leis na bunachair shonraí agus córais faisnéise maidir le hinfhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/848.

I bhfianaise an ghnáthchleachtais síológa ó bharra gairneoireachta a athphlandú, síológa ar minic iad faoi réir timthriall táirgeachta gairid ó athphlandú na síológ go sábháil na dtáirgí den chéad uair, tá sé tábhachtach sna cásanna sin an maolú ar úsáid na síológ neamhorgánach a theorannú, agus soiléiriú a dhéanamh ar úsáid na síológ atá á dtiontú agus na síológ neamhorgánach agus ar a gceanglais táirgthe faoi choinníollacha orgánacha dochta, chun sláine na dtáirgí orgánacha a áirithiú.

Ina theannta sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le haistriú rianúil i dtáirgeadh ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí chun forbairt earnáil na bplandlann orgánach a áirithiú, i bhfianaise theicnící éagsúla táirgthe na gcineálacha éagsúla ábhar atáirgthe plandaí le haghaidh speicis dhifriúla. Faoi láthair, tá cúpla plandlann orgánach ann a oibríonn le máthairphlandaí nó le plandaí eile atá beartaithe lena n-iomadú a fhástar i gcomhréir le coinníollacha a leagtar amach i bpointe 1.8.2 de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, de dheasca timthriallta táirgthe fada, infheistíochtaí fadtéarmacha agus deacrachtaí teicniúla chun an chomhlíontacht le ceanglais deimhniúcháin cáilíochta agus le ceanglais fíteashláintíochta a áirithiú.

Is gá, dá bhrí sin, leasú a thabhairt isteach chun táirgeadh agus cur ar an margadh ábhair atáirgthe plandaí a cheadú lena úsáid i mbarra orgánacha, ar ábhar atáirgthe plandaí arb as plandaí a thagann sé nach gcomhlíonann ceanglais phointe 1.8.2. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848.

Ar deireadh, agus é á chur san áireamh go mbeidh Rialachán (AE) 2018/848 infheidhme ón 1 Eanáir 2022, is gá clásal cúlghabhálach a thabhairt isteach chun folús dlíthiúil a sheachaint.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Pléadh gníomh go mion leis na Ballstáit ag an nGrúpa Saineolaithe maidir le Táirgeadh Orgánach agus leis na príomheagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála orgánaí agus earnálacha na n-ábhar atáirgthe plandaí, eadhon IFOAM agus a ngrúpaí cleamhnaithe earnáilsonracha, COPA-COGECA agus ESA. D'oibrigh AS AGRI i ndlúthchomhar le hArd-Stiúrthóireachtaí eile i réimse an tsaineolais shonraigh atá acu agus na rialacha sin á ndréachtú acu, go háirithe le AS SANTE. Tugadh fógra do chomhpháirtithe na hEagraíochta Domhanda Trádála agus rinneadh comhairliúcháin phoiblí ghinearálta.

Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí ghinearálta, fuarthas níos mó ná 400 aighneacht tríd an sásra aiseolais. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir páirtithe leasmhara éagsúla in iúl, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na leasuithe maidir le maoluithe le haghaidh síológ a leathnú chun cineálacha eile ábhair atáirgthe plandaí a chumhdach chun go mbeidh aistriú rianúil ann maidir le hábhar orgánach atáirgthe plandaí a fhorbairt i bhfianaise na heaspa infhaighteachta plandaí a fhástar i gcomhréir le pointe 1.8.2. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 le haghaidh roinnt speiceas agus cineálacha.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

In aithris (35) de Rialachán (AE) 2018/848 mínítear go dtarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh chun an cháilíocht, an inrianaitheacht, an chomhlíontacht agus an t-oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla a áirithiú, i measc cumhachtaí eile, i ndáil le hábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú nó ábhar neamhorgánach atáirgthe plandaí.

An sainmhíniú ar ábhar atáirgthe plandaí dá bhforáiltear in Airteagal 3(17) de Rialachán (AE) 2018/848, áirítear leis sin na cineálacha ábhar uile seo a leanas: '*ciallaíonn "ábhar atáirgthe plandaí" plandaí agus codanna de phlandaí, lena n-áirítear síolta, ag aon chéim fáis, a bhfuil ar a gcumas dóibh plandaí iomlána a tháirgeadh nó atá ceaptha lena aghaidh sin*'. Is cineál ábhair atáirgthe plandaí iad na síológa agus tagann siad faoi raon feidhme an mhaolaithe faoi phointe 1.4 de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, lena bhforáiltear maidir leis an bhféidearthacht síológa nó athphlandaí a fhás i gcoimeádáin le go n-athphlandálfar arís iad ina dhiaidh sin. In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/464, cuirtear an sainmhíniú seo a leanas ar fáil freisin: '*Chun críocha an phointe seo, ciallaíonn "síológ" planda óg arb as síol seachas gearrthóg a thagann sé*.' Leis an sainmhíniú sin, eisiatar síológa ón bhfaisnéis maidir le hinfhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí, faisnéis ar gá do na Ballstáit í a chur ar fáil don Choimisiún chun forálacha Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/848 a léiriú.

Ceanglaítear le pointe 1.8.1. nach n-úsáidfear ach ábhar orgánach atáirgthe plandaí le haghaidh plandaí agus táirgí plandaí a tháirgeadh, nach ábhar atáirgthe plandaí iad. Is féidir maoluithe a dhéanamh ar phointe 1.8.1. i gcomhréir le pointe 1.8.5.1. de bharr easpa ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí nó easpa ábhair atáirgthe plandaí atá á thiontú.

Maidir le hábhar orgánach atáirgthe plandaí a tháirgeadh, i bpointe 1.8.2. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 2018/848, leagtar síos na coinníollacha seo a leanas: '*Chun ábhar orgánach atáirgthe plandaí a fháil atá beartaithe le haghaidh táirgí a tháirgeadh nach ábhar atáirgthe plandaí iad, táirgfear an máthairphlanda agus, i gcás inarb ábhartha, plandaí eile atá beartaithe le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh, i gcomhréir leis an Rialachán seo ar feadh aon ghlúin amháin ar a laghad nó, i gcás barr ilbhliantúil, ar feadh aon ghlúin amháin ar a laghad le linn dhá shéasúr fáis.*' Dá bhrí sin, ba cheart ábhar orgánach atáirgthe plandaí a theacht as plandaí a fhástar sna coinníollacha táirgthe orgánaigh agus atá in oiriúint do na coinníollacha sin i gcomhréir le ceanglais a leagtar amach faoi phointe 1.8.2. ag brath ar an speiceas.

Leasaítear leis an ngníomh tarmligthe seo forálacha a bhaineann leis an maolú a d'fhéadfadh a bheith ann ar shíológa neamhorgánacha a úsáid. Go háirithe, leis an ngníomh seo, cuirtear toirmeasc ar úsáid síológ neamhorgánach a údarú le haghaidh barra atá faoi réir timthriall táirgeachta a chuirtear isteach laistigh de shéasúr fáis amháin, ó athphlandú na síolóige go sábháil an táirge deiridh. Ina theannta sin, leis an ngníomh tarmligthe, soiléirítear na forálacha

a bhaineann le síológa atá á dtiontú a tháirgeadh faoi Airteagal 10(4), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848.

Thairis sin, chun aghaidh a thabhairt ar an easpa síolta orgánacha ar cheart síológa a tháirgeadh astu mar aon leis an easpa máthairphlandaí nó, i gcás inarb ábhartha, an easpa plandaí eile atá beartaithe le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh, ábhar a fhástar i gcomhréir le pointe 1.8.2. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, tugtar isteach leis an ngníomh tarmligthe seo forálacha maidir le húdarú a thabhairt d'oibreoirí a tháirgeann ábhar atáirgthe plandaí chun ábhar atáirgthe plandaí, faoi choinníollacha áirithe, atá le húsáid i mbarra orgánacha a tháirgeadh agus a chur ar an margadh i gcás nach dtagann sé as máthairphlandaí nó ó phlandaí eile i gcomhréir le pointe 1.8.2. d'Iarscríbhinn II.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.1.2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le táirgeadh agus le húsáid síológ neamhorgánach, síológa atá á dtiontú agus síológ orgánach agus ábhair atáirgthe plandaí eile**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 12(2), pointí (b) agus (e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/848 agus go háirithe le Cuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis, leagtar síos ceanglais áirithe maidir le hábhar atáirgthe plandaí a úsáid, idir ábhar atá á thiontú agus ábhar neamhorgánach.

(2) I bhfianaise chéimniú amach na maoluithe ar úsáid ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí a leagtar síos in Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2018/848, tá sé tábhachtach táirgeadh agus cur ar an margadh ábhair atáirgthe plandaí a mhéadú, idir ábhar orgánach agus ábhar atá á thiontú.

(3) Mar sin féin, tá an méid síolta orgánacha agus síolta atá á dtiontú atá ar fáil faoi láthair teoranta i gcás roinnt speiceas gairneoireachta, agus modh comónta is ea síolta neamhorgánacha, a fhástar faoi choinníollacha orgánacha, a úsáid le haghaidh síológa a tháirgeadh mar ábhar atáirgthe plandaí.

(4) Ní áirítear síológa sna bunachair shonraí agus sna córais dá dtagraítear in Airteagal 26(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/848, bunachair shonraí agus córais lena gceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a chur faoi bhráid an phobail maidir le hinfhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí, idir ábhar orgánach agus ábhar atá á thiontú. I bhfianaise nádúr sonrach na síológ agus i bhfianaise fhad athraitheach a dtimthriallta táirgthe, is gá soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach. Maidir le síolta orgánacha agus síolta atá á dtiontú, ba cheart a n-infhaighteacht a chur san áireamh le haghaidh an speicis agus an chineáil lena

[1] IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

mbaineann chun infhaighteacht fhéideartha na síológ orgánach agus na síológ atá á dtiontú ar an margadh a chinneadh.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 10(4), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848, is féidir ábhar neamhorgánach atáirgthe plandaí a mhargú mar ábhar atá á thiontú freisin ar choinníoll go bhfuil tréimhse thiontúcháin 12 mhí ar a laghad curtha isteach ag an ábhar sin. Ba cheart tús áite a thabhairt d'úsáid ábhair atáirgthe plandaí atá á thiontú seachas d'úsáid ábhair neamhorgánaigh atáirgthe plandaí. Sa chomhthéacs sin, is gá a shoiléiriú go bhféadfar 'síológa atá á dtiontú' a úsáid i gcás ina maireann a dtimthriall saothrúcháin 12 mhí ar a laghad ar dháileacht talún a chuir tréimhse thiontúcháin 12 mhí isteach nó i gcás ina saothraítear iad i gcoimeádáin nó ar dháileacht talún, ar choinníoll go dtagann siad as síolta a shábháiltear ó phlandaí a d'fhás ar dháileacht talún a chuir tréimhse thiontúcháin 12 mhí isteach.

(6) Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le síológa, is gá toirmeasc a chur ar shíológa neamhorgánacha a úsáid le haghaidh barra a mbíonn timthriall táirgeachta curtha isteach acu laistigh de shéasúr fáis amháin, ó athphlandú na síológ go sábháil an táirge deiridh den chéad uair chun sláine na dtáirgí orgánacha a áirithiú a bhféadfaí an bonn a bhaint di i gcás ina mbeadh fuíll sna síolta neamhorgánacha a úsáidtear mar ábhar tosaigh.

(7) Maidir le hinfhaighteacht máthairphlandaí nó, i gcás inarb ábhartha, plandaí eile atá beartaithe le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh, a fhástar i gcomhréir le pointe 1.8.2. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, ní leor í sin i gcás torthaí áirithe, speicis fíniúnacha agus ornáideacha nó cineálacha fíniúnacha agus ornáideacha. Thairis sin, tá cúpla plandlann torthaí orgánacha agus plandlann fhíniúnach ann a oibríonn le máthairphlandaí faoi láthair a fhástar i gcomhréir le pointe 1.8.2. de dheasca infheistíochtaí fadtéarmacha agus deacrachtaí teicniúla chun an chomhlíontacht iomlán le ceanglais deimhniúcháin cáilíochta agus le ceanglais fíteashláintíochta a áirithiú.

(8) Chun forbairt bhreise ar an earnáil táirgthe ardspeisialaithe a chur chun cinn, is iomchuí an fhéidearthacht a thabhairt isteach maidir le húsáid ábhair neamhorgánaigh atáirgthe plandaí a fhástar faoi choinníollacha orgánacha a údarú le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh atá le margú agus le húsáid le haghaidh barra orgánacha, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha sonracha áirithe.

(9) Ba cheart cead a thabhairt d'oibreoirí a tháirgeann ábhar atáirgthe plandaí den sórt sin faisnéis a chur faoi bhráid an phobail, ar bhonn deonach, maidir le hinfhaighteacht ábhair den sórt sin sna córais náisiúnta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2018/848. Fágfaidh sé sin go mbeidh oibreoirí in ann ábhar atáirgthe plandaí a fhástar go horgánach a roghnú i gcás nach mbeidh ábhar orgánach atáirgthe plandaí nó ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú ar fáil.

(10) Chun an comhleanúnachas a áirithiú, na húdaruithe maidir le húsáid ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánach a fhástar faoi choinníollacha orgánacha le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh, ba cheart na húdaruithe sin dul in éag an tráth céanna a rachaidh na maoluithe ar úsáid ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí in éag. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí agus cuirfidh sé deireadh nó síneadh leis na húdaruithe sin i bhfianaise na gconclúidí a mhéid a bhaineann le hinfhaighteacht ábhair orgánaigh atáirgthe plandaí a

chuirfear i láthair sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 53(7) de Rialachán (AE) 2018/848 agus i gcomhréir le hAirteagal 53(2) den Rialachán sin.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 a leasú dá réir.

(12) Chun folús dlíthiúil a sheachaint, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.1.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*